



---

*An Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh*

---

**2020/0006(COD)**

30.6.2020

## TUAIRIM

ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

chuig an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir  
(COM(2020)0022 – C9-0007/2020 – 2020/0006(COD))

Rapóirtéir don tuairim (\*): Jerzy Buzek

(\*): Coiste comhlachaithe – Rial 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA\_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

30 bliain ón uair a thosaigh Lár na hEorpa Thoir ar an gclaochlú is doimhne ón gcumannachas agus ón ngeilleagar a bhí pleanáilte go lárnach go dtí an daonlathas agus an margadh saor, tá an tAontas Eorpach ag dul i mbun aistriú 30 bliain de mhéid agus uaillmhian dá shamhail chun bheith ar an gcéad gheilleagar neodrach ó thaobh aeráide de ar domhan. Leis an gComhaontú Glas don Eoraip (CGE), mar a rinneadh sa chlaochlú tar éis 1989, tugtar isteach aistriú córasach a athróidh ní hamháin an bealach a ndéanaimid táirgeadh, tomhaltas agus maireachtáil, ach athrófar an Eoraip sa cháil sin agus a spreagfar daoine eile.

Leis an taithí dheacair a bhí againn ón gclaochlú tar éis 1989, leagtar síos nach mbeidh an t-aistriú chuig fuinneamh glan rathúil agus dochúlaithe ach amháin mura bhfágfaidh sé aon rud i leataobh dáiríre: aon saoránach, aon réigiún, aon Bhallstát. Baineann sé seo le dlúthpháirtíocht na hEorpa, faoi réim ár n-uaillmhianta le blianta fada anuas gan beann ar thimthriallta polaitiúla ná eacnamaíocha, faoi rathúnas marthanach mhuintir na hEorpa go léir. Go bunúsach, sin a bhfuil i gceist sa Chiste um Aistriú Cóir (CUAC).

Thugamar aghaidh ar chonair an mhórchlaochlaithe seo agus sinn aontaithe in uaillmhian choiteann, ach sinn ag tosú ó phointí tosaigh éagsúla. Ciallaíonn sé sin go bhfuil difríocht idir na dúshlán atá romhainn ó thaobh raon feidhme agus méid ar fud réigiúin AE agus na mBallstát. Ní mór gurb é CUAC an phríomhfheithicil atá againn lena áirithiú go ndéanfar na difríochtaí sin a dhíchur go héifeachtach de réir a chéile, rud a lamhálfaidh do AE a bheith rathúil ina iomláine agus do mhuintir na hEorpa uile tairbhiú go cuí den aistriú seo.

Tá an rapóirtéir suite de go bhfuil aistriú fuinnimh i gcoílár an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, agus go bhfuil na dúshlán is mó fós ann do na réigiúin sin a bhfuil leibhéil arda eastósctha breoslaí iontaise iontu. Sin an áit a bhfuil an bhagairt is mó ar chailteanas díreach post ann, agus ina gcuireann dúnadh mianach guail an slabhra soláthair ar fad i mbaol; sin an áit a mbeidh sé an-deacair infheistíocht a dhéanamh i dtionscal glan nua - go minic ar thír-raon atá ag tabhairt faoi; sin an áit ar mór ag daoine go háirithe traidisiún na hoibre crua agus ba cheart meas a bheith ar an traidisiún sin agus tacaíocht a thabhairt dó. Má fhágtar iad gan chabhair, ní hamháin go gcaillfidh saoránaigh sna réigiúin sin, go háirithe na daoine óga, an mothú iad a bheith cumhachtaithe ach freisin a greideamh san Aontas Eorpach mar phobal a fhéadfaidh todhchaí seasmhach a thairiscint dóibh.

Ní bhogfaidh CUAC isteach i réimsí nach bhfuil mórán eolais fúthu. Chabhraigh Coiste ITRE le creat a bhunú ina mbeidh CUAC socraithe. In 2017, in éineacht leis an Leas-Uachtarán don Aontas Fuinnimh agus leis an gCoimisinéir Fuinnimh agus Aeráide, chruthaíomar an Clár le haghaidh Réigiúin Miandóireachta Guail atá ag Athrú chun cabhrú le claochlú fuinnimh agus a thionchar sóisialta a mhaolú, le cistiú ó mholtaí treoirthionscadail urraithe ag ITRE a bheidh ar siúl go dtí 2021. Thug sé sin tacaíocht theicniúil neamh-inaisíoctha do rialtais áitiúla sna réigiúin sin. Mar obair leantach, faoi thionscnamh Chathaoirleach ITRE, thacaigh an Coiste leis an moladh Ciste tiomnaithe a bhunú, faoin gcéad CAI eile, do réigiúin ghuail atá i mbun aistriú.

Mar thoradh ar na hiarrachtaí sin cruthaíodh CUAC. Anois agus AE ag cur na bpríomhghnéithe uile i bhfeidhm a chuirfeadh ar ár gcumas neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050, ní hamháin go bhfuil CUAC níos tábhachtaí agus níos práinní. Le fírinne, is í an ghné fíorriachtanach í maidir le rath an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

Tá an rapóirtéir den tuairim

- (1) Chun go mbeidh AE in ann neodracht aeráide a bhaint amach, beidh gá le hinfheistíochtaí nach bhfacthas a leithéid riamh cheana. Caithfear bearta leormhaithe a bheith ag gabháil leo go córasach chun a áirithiú go ndéantar éifeachtúlacht eacnamaíoch chomh maith le slándáil fuinnimh agus inacmhainneacht a áirithiú, fad a bhíonn an t-aistriú sin cóir agus inghlactha go sóisialta. Tá an dá ghné sin - infheistíochtaí agus bearta dlúthpháirtíochta - ríthábhachtach le chéile chun a chur ar chumas AE aistriú chuig neodracht aeráide agus ag an am céanna feabhas a chur ar iomaíochas domhanda, ceannaireacht thionsclaíoch, fás agus rathúnas ár sochaithe.
- (2) Is é CUAC bunchloch an aistrithe sin. I bhfianaise mhéid an athraithe seo, caithfidh na hacmhainní faoi CUAC a raon feidhme a mheaitseáil Chuige sin, is gá a bhuiséad a mhéadú go suntasach agus a bheith bunaithe ar acmhainní úra a chomhlánódh agus nach n-ionadódh beartais, uirlisí agus cistí comhtháthaithe ná earnála AE. Thairis sin, caithfear é a choinneáil mar líne bhuiséid ar leithligh sna chéad CAInna eile, go dtí 2050 ar a laghad.
- (3) I bhfianaise na haidhme atá leagtha síos do CUAC, ba cheart go rachadh 80% dá bhuiséad chuig na réigiúin ghuaile agus iad ag tabhairt aghaidh ar na dúshlán chórasacha is mó a bhaineann leis an aistriú go neodracht aeráide.
- (4) Is ní bunúsach é comhoibriú dlúth agus díreach le húdarais réigiúnacha agus áitiúla, arb iad fearr a oireann chun tacaíocht a dhíriú ar an áit is éifeachtaí i sprioc-réigiúin. Ós rud é go ndíríonn CUAC ar réigiúin atá ag tabhairt aghaidh ar na dúshlán is doimhne mar gheall ar an aistriú, lena n-áirítear an laghdú suntasach a bhfuil súil leis in ioncam féinrialtais, ba cheart go mbeadh tionscadail incháilithe in ann tairbhe a bhaint as suas le 75% de na costais ábhartha.
- (5) Maidir le raon feidhme na tacaíochta faoi CUAC, caithfidh liosta na ngníomhaíochtaí incháilithe léiriú níos fearr a thabhairt ar na nithe seo a leanas:
  - athbheochan iar-láithreáin mianach agus stáisiún cumhachta;
  - Truailliú aeir agus bochtaineacht fuinnimh a chomhrac agus astaíochtaí ó tháirgeadh guail a laghdú go tapa, rud a éilíonn infheistíocht i ngás nádúrtha agus téamh ceantair;
  - infheistíochtaí i bhfuinneamh in-athnuaite;
  - infheistíochtaí táirgiúla i gcuideachtaí, lena n-áirítear cuideachtaí réigiúnacha agus áitiúla faoi úinéireacht phoiblí, FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta;
  - infheistíochtaí i soghluaisteacht uirbeach ghlan agus i mbreoslaí malartacha;
  - infheistíochtaí sa gheilleagar lucht liathghruaige agus sa nuálaíocht shóisialta.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ar an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

### Leasú 1

#### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(1) Leis an gcreat rialála lena rialaítear beartas comhtháthaithe an Aontais don tréimhse ó 2021 go 2027, i gcomhthéacs an chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile, rannchuidítear le comhlíonadh ghealltanais an Aontais Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme trí chistiú an Aontais a dhíriú ar chuspóirí glasa. Leis an Rialachán seo, cuirtear chun feidhme ceann de na tosaíochtaí a leagtar amach sa Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip ('An Comhaontú Glas don Eoraip')<sup>11</sup> agus is cuid é den Phlean Infheistíochta d'Eoraip Inbhuanaithe<sup>12</sup> lena gcuirtear maoiniú tiomnaithe ar fáil faoin Sásra um Aistriú Cóir i gcomhthéacs an bheartais chomhtháthaithe chun aghaidh a thabhairt ar na *costais* eacnamaíocha agus shóisialta a bhaineann leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach atá neodrach ó thaobh na haeráide de, ina ndéantar aon astaíochtaí gás ceaptha teasa atá fágtha a chúiteamh le hionsúcháin choibhéiseacha.

*Leasú*

(1) Leis an gcreat rialála lena rialaítear beartas comhtháthaithe an Aontais don tréimhse ó 2021 go 2027, i gcomhthéacs an chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile, rannchuidítear le comhlíonadh ghealltanais an Aontais i leith Comhaontú Pháras a chur chun feidhme, ***go háirithe an cuspóir chun an méadú teochta domhanda a theorannú go 1,5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíochta***, agus i leith Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme trí chistiú an Aontais a dhíriú ar chuspóirí glasa. Leis an Rialachán seo, cuirtear chun feidhme ceann de na tosaíochtaí a leagtar amach sa Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip ('An Comhaontú Glas don Eoraip')<sup>11</sup> agus is cuid é den Phlean Infheistíochta d'Eoraip Inbhuanaithe<sup>12</sup> lena gcuirtear maoiniú tiomnaithe ar fáil faoin Sásra um Aistriú Cóir i gcomhthéacs an bheartais chomhtháthaithe chun aghaidh a thabhairt ar na *dúshláin* eacnamaíocha agus shóisialta a bhaineann leis an aistriú ***fuinnimh*** chuig geilleagar ciorclach atá neodrach ó thaobh na haeráide de, ina ndéantar aon astaíochtaí gás ceaptha teasa atá fágtha a chúiteamh le hionsúcháin choibhéiseacha.

<sup>11</sup> COM(2019) 640 final, 11.12.2019.

<sup>12</sup> COM(2020) 21, 14.1.2020.

<sup>11</sup> COM(2019) 640 final, 11.12.2019.

<sup>12</sup> COM(2020) 21, 14.1.2020.

## Leasú 2

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(2) Tá an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach atá neodrach ó thaobh na aeráide de ar cheann de na cuspóirí beartais is tábhachtaí atá ag an Aontas. An 12 Nollaig 2019, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an cuspóir Aontas a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach faoi 2050, i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras. Cé go mbainfidh gach réigiún agus gach Ballstát leas **as an gcomhrac** i gcoinne an athraithe aeráide agus an díghrádaithe comhshaoil san fhadtéarma agus go gcuirfidh sin deiseanna agus dúshláin ar fáil **do chách** sa mheántéarma, ní thosaíonn gach ceann acu ar a n-aistriú ón bpointe céanna agus níl an cumas freagartha céanna acu. Tá roinnt acu sin níos forbartha ná cinn eile, ach bíonn tionchar sóisialta agus eacnamaíoch níos leithne ag an aistriú ar na réigiúin sin a bhíonn ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise, go háirithe gual, lignít, móin agus sceall ola, nó ar thionscail atá dian ar gháis cheaptha teasa. I gcás den sórt sin, cruthaítear an baol go mbeidh aistriú ar luasanna éagsúla san Aontas i dtaca leis an ngníomhú ar son na haeráide, ach an baol freisin go dtiocfadh méadú ar na bearnaí idir na réigiúin, rud a dhéanfadh dochar do chuspóirí an chomhtháthaithe shóisialta, eacnamaíoch agus chríochnaigh.

*Leasú*

(2) Tá an t-aistriú chuig geilleagar iomaíoch **agus athléimneachta** atá neodrach ó thaobh na aeráide de agus ciorclach ar cheann de na cuspóirí beartais is tábhachtaí atá ag an Aontas. An 12 Nollaig 2019, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an cuspóir Aontas a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach faoi 2050, i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras. **dúshláin *I mí Eanáir 2020, d'iarr Parlaimint na hEorpa go ndéanfaí gníomhaíocht phráinneach chun dul i ngleic le*** a bhaineann leis an athrú aeráide agus leis an gcomhshaoil ***agus thacaigh sí leis an ngealltanais chun an tAontas a athrú ó bhonn go sochaí níos sláintiúla, inbhuanaithe, cothrom, cóir agus rathúil ag a mbeidh glan-astaíochtaí nialasacha gás ceaptha teasa. An 17 Aibreán 2020, chuir sí i bhfáth, thairis sin, gur cheart go mbeadh cuspóir na neodrachta aeráide ag imirt tionchar ar na freagairtí beartais chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac agus go mbeadh straitéis an Chomhaontaithe Ghlais ag croílár théarnamh agus atógáil gheilleagar an Aontais. Teastóidh infheistíochtaí suntasacha uaidh sin agus teastóidh leithdháileadh breise suntasach ó bhuiséad an Aontais dá bhrí sin.*** Cé go mbainfidh gach réigiún agus gach Ballstát leas as an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, an díghrádaithe comhshaoil **agus na bochtaineachta fuinnimh** san fhadtéarma agus go gcuirfidh sin deiseanna agus dúshláin ar fáil sa mheántéarma **agus**

*san fhadtéarma*, ní thosaíonn gach ceann acu ar a n-aistriú ón bpointe céanna agus níl an cumas freagartha céanna acu. Tá roinnt acu sin níos forbartha ná cinn eile, ach bíonn tionchar sóisialta agus eacnamaíoch níos leithne ag an aistriú *fuinnimh* ar na réigiúin sin a bhíonn ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise *soladacha*, go háirithe gual, lignít, móin agus sceall ola, nó ar thionscail atá dian ar gháis cheaptha teasa. I gcás den sórt sin, cruthaítear an baol go mbeidh aistriú ar luasanna éagsúla san Aontas i dtaca leis an ngníomhú ar son na haeráide, ach an baol freisin go dtiocfadh méadú ar na bearnaí idir na réigiúin, rud a dhéanfadh dochar do chuspóirí an chomhtháthaithe shóisialta, eacnamaíoch agus chríocheaigh. ***Ba cheart go mbeadh éagothroime den sórt sin á léiriú i leithdháileadh cothrom d'acmhainní an Chiste do na Ballstáit agus na réigiúin sin is mó a ndéanann an t-aistriú difear dóibh agus a bhfuil tacaíocht airgeadais de dhíth orthu chun fíoraistriú cóir a úirithiú chun droch-thionchair shocheacnamaíocha ar dhaoine, ar thionscail agus ar oibríthe a sheachaint. Ba cheart go gcuirfear san áireamh i leithdháileadh acmhainní an Chiste na críocha sin atá tar éis gníomhaíochtaí don aistriú a chur i gcrích cheana féin ach a bhfuil dúshláin thábhachtacha fós ós a gcomhair.***

## Leasú 3

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(3) Chun go n-éireoidh leis an aistriú, ní mór dó a bheith cothrom ***agus*** inghlactha go sóisialta ag cách. Dá bhrí sin, ní mór don Aontas agus do na Ballstáit araon na himpleachtaí eacnamaíocha agus sóisialta a bheidh aige a chur san áireamh ón tús, agus leas a bhaint as gach ionstraim

*Leasú*

(3) Chun go n-éireoidh leis an aistriú, ní mór dó a bheith cothrom, ***cuimsitheach, freagrach*** go sóisialta ***agus*** inghlactha ag cách, ***chun frithsheasmhacht shóisialta i gcoinne beartais aeráide ag na pobail is mó a bheidh faoi thionchar diúltach a sheachaint.*** Dá bhrí sin, ní mór don Aontas

a d'fhéadfadh a bheith ann chun drochiarmhairtí a mhaolú. Tá ról tábhachtach ag buiséad an Aontais i ndáil leis sin.

agus do na Ballstáit araon na himpleachtaí eacnamaíocha agus sóisialta a bheidh aige a chur san áireamh ón tús, agus leas a bhaint as gach ionstraim a d'fhéadfadh a bheith ann chun drochiarmhairtí a mhaolú, **lena n-áirítear na coinníollacha leormhaithe a chruthú chun an bhochtaineacht fuinnimh a dhíothú. Beidh acmhainní airgeadais suntasacha de dhíth ag an aistriú sin, dá bhrí sin, tá ról tábhachtach ag buiséad an Aontais i ndáil leis sin chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine i leataobh chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine i leataobh.**

Leasú 4

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 3 a (nua)**

*Text proposed by the Commission*

*Leasú*

**(3 a) Leis an aidhm atá ag an gComhaontú Glas don Eoraip, go mbeadh an tAontas Eorpach ar an gcéad mhóir-roinn atá neodracht ó thaobh aeráide de faoi 2050, tá aistriú bunúsach ar ár gcóras fuinnimh de dhíth. Is é an tAontas Eorpach an phríomhionstraim beartais chun an t-aistriú sin a chur i gcrích, arb é is aidhm dó fuinneamh slán, inbhuanaithe, iomaíoch agus inacmhainne a sholáthar do thomhaltóirí, do theaghlaigh agus do ghnólachtaí uile an Aontais. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, is gá aistriú bunúsach a dhéanamh ar chóras fuinnimh an Aontais agus iarrachtaí a dhéanamh nach bhfágfar aon duine ar lár san aistriú sin. Ba cheart go dtabharfadh trí cholún an tSásra um Aistriú Cóir aghaidh ar an gcúig ghné den Straitéis don aontas fuinnimh: ‘an tslándáil fuinnimh, an dlúthpháirtíocht agus an mhuinín’ arb é is aidhm dó foinsí fuinnimh na hEorpa a éagsúlú agus úsáid níos fearr agus níos éifeachtúla a bhaint as an bhfuinneamh a tháirgtear san Aontas; ‘margadh**



*fuinnimh Eorpach lán-chomhtháite’, chun idirnascairí a chur chun cinn lena gcumasaítear don fuinneamh sreabhadh gan srian trasna an Aontais lena féidir le soláthraithe fuinnimh dul in iomaíocht gan srian agus na praghsanna fuinnimh is fearr a sholáthar; ‘tús áite don éifeachtúlacht fuinnimh’, toisc go laghdaítear truailliú agus go gcaomhnaítear foinsí intíre fuinnimh má idítear níos lú fuinnimh, rud a laghdaíonn an gá atá ag an Aontas le hallmhairí fuinnimh; ‘an geilleagar a dhícharbónú’, an ceathrú gné, a spreagann infheistíocht phríobháideach i mbonneagar agus teicneolaíochtaí nua; agus ‘taighde, nuálaíocht agus iomaíochas’, arb é is aidhm dó tacú le fionnachtana i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin trí thaighde a chomhordú agus cabhrú le tionscadail a mhaoiniú i gcomhar leis an earnáil phríobháideach.*

## Leasú 5

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(4) Mar a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus sa Phlean Infheistíochta d’Eoraip Inbhuanaithe, ba cheart go mbeadh Sásra um Aistriú Cóir comhlántach do na gníomhaíochtaí eile faoin gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile don tréimhse ó 2021 go 2027. Ba cheart dó rannchuidiú le dul i ngleic leis na hiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíoch a bhainfeadh leis an aistriú chuig neodracht ó thaobh na haeráide de san Aontas Eorpach tríd an gcaiteachas ó bhuiséad an Aontais ar chuspóirí aeráide agus sóisialta a thabhairt le chéile ar an leibhéal réigiúnach.

*Leasú*

(4) Mar a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus sa Phlean Infheistíochta d’Eoraip Inbhuanaithe, ba cheart **don** Sásra um Aistriú Cóir **cuidiú chun an t-aistriú fuinnimh a chur i gerích agus oiriúnú dó, agus ba cheart dó a bheith** comhlántach do na gníomhaíochtaí eile faoin gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile don tréimhse ó 2021 go 2027. Ba cheart dó rannchuidiú le dul i ngleic leis na hiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíoch a bhainfeadh leis an aistriú chuig neodracht ó thaobh na haeráide de san Aontas Eorpach **faoi 2050** tríd an gcaiteachas ó bhuiséad an Aontais ar chuspóirí aeráide, **eacnamaíocha**, agus sóisialta a thabhairt le

chéile ar an leibhéal réigiúnach.

## Leasú 6

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(5) Bunaítear leis an Rialachán seo an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) atá ar cheann de cholúin an tSásra um Aistriú Cóir a chuirtear chun feidhme faoin mbeartas comhtháthaithe. Is é an aidhm atá le CUAC maolú a dhéanamh ar dhrochiarmhairtí an aistrithe **aeráide** trí thacaíocht a thabhairt sna críocha is mó a n-imríonn siad tionchar orthu agus do na hoibrithe lena mbaineann. I gcomhréir le cuspóir sonrath CUAC, ba cheart do na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CUAC rannchuidiú go díreach chun laghdú a dhéanamh ar thionchar an aistrithe trí mhaoiniú a dhéanamh ar éagsúlú agus nuachóiriú an gheilleagair áitiúil **agus trí mhaolú a dhéanamh ar** na iarmhairtí diúltacha ar an bhfostaíocht. Léirítear sin i gcuspóir sonrath CUAC, a bhunaítear ar an leibhéal céanna agus a liostaítear in éineacht leis na cuspóirí beartais a leagtar amach in Airteagal [4] de Rialachán AE [RFC nua].

*Leasú*

(5) Bunaítear leis an Rialachán seo an Ciste um Aistriú Cóir ('CUAC') atá ar cheann de cholúin an tSásra um Aistriú Cóir a chuirtear chun feidhme faoin mbeartas comhtháthaithe **agus a bhaineann le beartas fuinnimh an Aontais Eorpaigh**. Is é aidhm do CUAC **dlúthpháirtíocht Eorpach a áirithiú agus aistriú trí thacú le gníomhaíochtaí atá dírithe ar aistriú fuinnimh cóir, éifeachtúil agus éifeachtach a bhaint amach i dtreo geilleagar neodrach aeráide** agus éifeachtaí díobhálacha an aistrithe **sin** a mhaolú trí thacú leis na críocha, **na pobail** agus na hoibrithe is mó atá buailte, **agus iomaíochas domhanda agus ceannaireacht thionsclaíoch an Aontais chomh maith le fás agus rathúnas á bhfeabhsú**. I gcomhréir le cuspóir sonrath CUAC, ba cheart do na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CUAC rannchuidiú go díreach **le haistriú fuinnimh cothrom agus** chun laghdú a dhéanamh ar thionchar an aistrithe trí **infheistíochtaí i bhfuinneamh glan inacmhainne agus i ngníomhaíochtaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de a mhaoiniú lena bhféadfadh** éagsúlú agus nuachóiriú an gheilleagair áitiúil **teacht as, agus** na iarmhairtí diúltacha ar an bhfostaíocht a mhaolú **trí dheiseanna fostaíochta sna críocha sin a chothú**. Léirítear sin i gcuspóir sonrath CUAC, a bhunaítear ar an leibhéal céanna agus a liostaítear in éineacht leis na cuspóirí beartais a leagtar amach in Airteagal [4] de Rialachán AE [RFC nua].

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 5 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(5 a) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé an pacáiste “Fuinneamh Glan do gach Eorpach” a chur chun feidhme, pacáiste a bhfuil ról lárnach aige in aistriú an Aontais Eorpaigh i dtreo geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus i gcur i gcrích an Aontais Fuinnimh, ba cheart go mbeadh ról tábhachtach ag CUAC sna láithreáin mhianadóireachta a bhí ann cheana a ath-thiontú chun fuinneamh inathnuaite a ghiniúint. Is féidir leis costais um dhíchoimisiúnú a laghdú, rannchuidiú le slándáil fuinnimh agus luach eacnamaíoch agus poist a sholáthar do phobail mhianadóireachta. Faigheann forbairt na dtionscadail den sórt sin leas as bonneagar a bheith ann agus talamh fairsing a bheith ar fáil. Is gá aghaidh a thabhairt ar réitigh cás ar chas chun oiriúnacht leis na dálaí áitiúla a áirithiú. Tá dlúthchomhair idir cuideachtaí, rialaitheoirí, infheisteoirí, pleanálaithe úsáid talún agus pobail áitiúla bunriachtanach chun na húsáidí is inbhuanaithe a shainaithint agus chun an fhorbairt shocheacnamaíoch a uasmhéadú. Níor cheart go ndéanfadh CUAC neamhionannais idir Ballstáit níos measa ná an margadh aonair a fhágáil níos laige.**

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(6) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras a**

**(6) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras a**

chur chun feidhme, an gealltanais maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus an méadú ar uailmhian an Aontais mar atá beartaithe sa Chomhaontú Glas don Eoraip, ba cheart do CUAC a bheith ina rannchuidiú tábhachtach chun gníomhaíochtaí aeráide a phríomhshruthú. Is acmhainní breise iad na hacmhainní ó imchlúdach airgeadais CUAC féin a chuirtear leis na hinfheistíochtaí is gá chun an sprioc foriomlán go mbeadh 25 % den chaiteachas as buiséad an Aontais ag rannchuidiú le cuspóirí aeráide a bhaint amach. **Rannchuideoidh** acmhainní arna n-aistriú ó CFRE agus ó CSE+ go hiomlán chun an sprioc sin a bhaint amach.

chur chun feidhme **chun méadú na teochta a theorannú go 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch**, an **ghealltanais** maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus an **mhéadaithe** ar uailmhian an Aontais mar atá beartaithe sa Chomhaontú Glas don Eoraip, ba cheart do CUAC a bheith ina rannchuidiú tábhachtach chun gníomhaíochtaí aeráide a phríomhshruthú **agus a áirithiú ‘nach bhfágfar aon duine ar lár’ tríd an t-aistriú a éascú sna réigiúin sin il is mó a bheidh faoi thionchar diúltach**. Is acmhainní breise iad na hacmhainní ó imchlúdach airgeadais CUAC féin a chuirtear leis na hinfheistíochtaí is gá chun an sprioc foriomlán go mbeadh 25 % den chaiteachas as buiséad an Aontais ag rannchuidiú le cuspóirí aeráide a bhaint amach. **Ba cheart go rannchuideodh** acmhainní arna n-aistriú **go deonach** ó CFRE agus ó CSE+ go hiomlán chun an sprioc sin a bhaint amach.

## Leasú 9

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 7

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(7) Ba cheart do na hacmhainní ó CUAC **comhlánú** a dhéanamh ar na hacmhainní **a bheidh ar fáil** faoin **mbeartas comhtháthaithe**.

*Leasú*

(7) Ba cheart acmhainní CUAC a bheith **substaintiúil agus comhsheasmhach lena chuspóir uailmhianach**. **Níor cheart in imthosca ar bith gurb é a thioctadh as bunú acmhainní CUAC ná ciorruithe ar acmhainní a leithdháiltear ar bhuiséid na gcistí a chumhdaítear le Rialachán (AE)../. [RFC nua] ná ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) ná aistrithe ó na cistí sin. Ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh a leithdháileadh CUAC a chomhlánú le hacmhainní arna n-aistriú ó CFRE agus ó CSE+ i gcomhréir le hAirteagal 21d de**

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 8**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(8) *Is dúshlán le haghaidh na mBallstát uile é an t-aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de. Beidh sé ina dhúshlán ar leith do na Ballstáit sin a bhíonn ag brath go mór ar bhreosláí iontaise **nó ar ghníomhaíochtaí tionsclaíocha atá dian ar gháis cheaptha teasa ar gá deireadh a chur leo go céimnitheach** nó ar gá iad a oiriúnú i ngeall ar an aistriú agus nach bhfuil na hacmhainní airgeadais acu chun é sin a dhéanamh. Dá bhrí sin ba cheart go gcumhdódh CUAC gach Ballstát, ach ba cheart go léireodh dáileadh a acmhainní airgeadais cumas na mBallstát na hinfheistíochtaí atá riachtanach chun déileáil leis an aistriú i dtreo neodracht ó thaobh na haeráide de a mhaoiniú.*

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 8 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(8 a) *Leis an aistriú go neodracht aeráide cuirtear deiseanna nua eacnamaíocha ar fáil freisin. Go háirithe, trí láithreáin mhianadóireachta a bhí ann*

*Leasú*

(8) *Is **gá infheistíochtaí suntasacha don aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus is** dúshlán agus deis araon é le haghaidh na mBallstát uile. Beidh sé ina dhúshlán ar leith do na Ballstáit sin a bhíonn ag brath go mór **nó a bhí ag brath go mór go dtí le déanaí** ar bhreosláí iontaise **soladacha** nó ar ghníomhaíochtaí tionsclaíocha atá dian ar gháis cheaptha teasa ar gá deireadh a chur leo go céimnitheach nó ar gá iad a oiriúnú i ngeall ar an aistriú agus nach bhfuil na hacmhainní airgeadais acu chun é sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, ba cheart go léireodh leithdháileadh acmhainní airgeadais **CUAC túsphointe na mBallstát i bpróiseas an aistrithe fuinnimh agus** cumas na mBallstát na hinfheistíochtaí atá riachtanach chun déileáil leis an aistriú i dtreo neodracht ó thaobh na haeráide de a mhaoiniú **sna réigiúin a ndéantar difear dóibh.***

*cheana a ath-thiontú chun fuinneamh inathnuaite a ghiniúint agus bonneagar le haghaidh fuinneamh inathnuaite a thógáil sna láithreáin sin nó i gceantair in aice láimhe, cuirtear poist ghlasa ar fáil do phobail iarmhianadóireachta. Leis an athrú ó gheilleagair réigiúnacha agus córais fuinnimh ghualbhunaithe go fuinneamh in-athnuaite, is féidir le pobail áitiúla a bheith ina rannpháirtithe gníomhacha san aistriú fuinnimh agus ina n-úinéirí air, agus dul ó shamhail aon-tionscail go samhail iltionscail. Le hath-thiontú na réigiún guail ina moil fuinnimh in-athnuaite, téann sé chun a leasa bonneagar a bheith ann agus infhaighteacht fhairsing talún chomh maith le pearsanra oilte. Thairis sin, is féidir leis an athchóiriú sin rannchuidiú leis an tslándáil fuinnimh agus leis an athléimneacht fuinnimh, bunaithe ar shamhail dhúláraithe don chóras fuinnimh*

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 9 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(9 a) I gcomhréir le Rialachán [Ionstraim Théarnamh an Aontais] agus laistigh de teorainneacha na n-acmhainní atá leithdháilte ann, ba cheart bearta téarnaimh agus athléimneachta faoin gCiste um Aistriú Cóir a dhéanamh chun dul i ngleic le tionchar ghéarchéim COVID-19 nach raibh a leithéid ann riamh roimhe. Ba cheart aon acmhainní breise a úsáid ar bhealach lena n-áiritheofaí go gcomhlíonfaí na teorainneacha ama dá bhforáiltear i Rialachán [Ionstraim Théarnaimh Eorpach].*

## Togra le haghaidh rialacháin Aithris 10

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(10) Leis an Rialachán seo saináithnítear na cineálacha infheistíochtaí lenar féidir tacú le caiteachas ina leith le CUAC. Ba cheart **tosaíochtaí** aeráide agus comhshaoil an Aontais a urramú go hiomlán agus gach gníomhaíocht dá dtugtar tacaíocht á saothrú. Ba cheart d’infheistíochtaí a thacaíonn le geilleagair áitiúla **agus atá** inbhuanaithe san fhadtéarma, agus cuspóirí uile an Chomhaontaithe Ghlais á gcur san áireamh, a bheith san áireamh sa liosta infheistíochtaí. Ba cheart do na tionscadail a dtugtar maoiniú dóibh rannchuidiú le haistriú go geilleagar ciorclach atá neodrach ó thaobh na haeráide de. I gcás earnálacha **atá ag dul i léig**, cosúil le táirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar ghual, lignít, móin agus sceall ola nó gníomhaíochtaí eastósctha le haghaidh na mbreoslaí iontaise soladacha sin, ba cheart an tacaíocht a nascadh le céimniú amach na gníomhaíochta agus an laghdú comhfhreagrach ar leibhéal na fostaíochta. **I dtaca le** hearnálacha ina bhfuil athrú ó bhonn ar siúl **a bhfuil leibhéil arda astaíochtaí gás ceaptha teasa acu**, ba cheart gníomhaíochtaí **nua** a chur chun cinn leis an tacaíocht trí theicneolaíochtaí nua, próisis nua nó táirgí nua a chur in úsáid, **a mbeidh** laghdú suntasach ar astaíochtaí **mar thoradh leo**, i gcomhréir le cuspóirí aeráide AE 2030 agus neodracht ó thaobh na haeráide de san Aontas Eorpach faoi 2050<sup>13</sup> fad agus a dhéantar fostaíocht a choinneáil ar bun agus a fheabhsú **agus** díghrádú an chomhshaoil a sheachaint ag an am céanna. Ba cheart aird ar leith a thabhairt freisin ar ghníomhaíochtaí lena ndéantar nuálaíocht agus taighde in ardteicneolaíochtaí agus i dteicneolaíochtaí inbhuanaithe a fheabhsú, agus i réimsí an digitithe **agus** na nascachta chomh maith,

*Leasú*

(10) Leis an Rialachán seo saináithnítear na cineálacha infheistíochtaí lenar féidir tacú le caiteachas ina leith le CUAC. Ba cheart **cuspóirí agus reachtaíocht** aeráide agus chomhshaoil an Aontais a urramú go hiomlán agus gach gníomhaíocht dá dtugtar tacaíocht á saothrú, **lena n-áirítear spriocanna fuinnimh agus aeráide AE 2030 maidir le astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, éifeachtúlacht fuinnimh agus tomhaltas fuinnimh in-athnuaite a fheabhsú, agus i gcás inarb iomchuí, na critéir a bhunaítear le [Rialachán maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú] chun a chinneadh cibé an bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de**. Ba cheart d’infheistíochtaí a thacaíonn le geilleagair áitiúla, **atá indéanta go teicneolaíoch agus** atá inbhuanaithe san fhadtéarma, agus cuspóirí uile an Chomhaontaithe Ghlais á gcur i gcuntas, a bheith san áireamh sa liosta infheistíochtaí. Ba cheart do na tionscadail a dtugtar maoiniú dóibh rannchuidiú le haistriú **de réir a chéile** chuig geilleagar **nuálaíoch, iomaíoch, athléimneach agus** atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus ciorclach. I gcás earnálacha **a bhfuil leibhéil arda astaíochtaí CO2 acu**, cosúil le táirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar ghual, lignít, móin agus sceall ola nó gníomhaíochtaí eastósctha le haghaidh na mbreoslaí iontaise soladacha sin, ba cheart an tacaíocht a nascadh le céimniú amach na gníomhaíochta **de réir a chéile** agus an laghdú comhfhreagrach ar leibhéal na fostaíochta **arna dhéanamh i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus laistigh de thréimhse ama réasúnta. Agus é mar aidhm** na hearnálacha **sin** a athrú, ba cheart go gcuirfí **éifeachtúlacht fuinnimh agus**

ar choinníoll go gcabhraíonn bearta den sórt sin chun na fo-iarmhairtí diúltacha a bhaineann le haistriú i dtreo geilleagar ciorclach atá neodrach ó thaobh na haeráide de a mhaolú, agus go rannchuidíonn siad leis.

*gníomhaíochtaí ísealcharbóin* chun cinn trí leis an tacaíocht trí úsáid teicneolaíochtaí nua, *na foinsí fuinnimh in-athnuaite agus infheistiúcháin in imlonnú bonneagair agus teicneolaíochta le haghaidh fuinneamh ísealastaíochta inacmhainne chomh maith le* próisis nó táirgí nua. *Sa bhreis air sin, ní mór slándáil an tsoláthair a áirithiú trí bhíthin nuálaíocht theicniúil, lena n-áirítear leathadh amach hidrigine, a bhfuil an acmhainneacht aici bheith ina príomhiompróir fuinneamh den 21ú haois. Ba cheart* laghdú suntasach *teacht ar astaíochtaí saolré i gcóras fuinnimh na críche mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin agus ba cheart iad a bheith i* gcomhréir le cuspóirí aeráide *agus fuinnimh* AE 2030 agus neodracht aeráide AE faoi 2050<sup>13</sup> agus fostaíocht *oilte agus inbhuanaithe* á cothabháil agus á feabhsú, díghrádú comhshaoil á sheachaint, *iontaofacht an chórais fuinnimh a áirithiú agus stóinseacht córas fuinnimh atá bunaithe ar thús áite na héifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm agus bunaithe go príomha ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite á feabhsú, lena n-áirítear trí theicneolaíochtaí cothromaithe solúbtha agus réitigh stórála.* Ba cheart aird ar leith a thabhairt freisin ar ghníomhaíochtaí lena ndéantar nuálaíocht agus taighde in ardeicneolaíochtaí agus i dteicneolaíochtaí inbhuanaithe a fheabhsú, *trí shineirgí leis an gclár Fís Eorpach a fheabhsú,* agus i réimsí an digitithe, na nascachta, *agus na soghluaisteachta cliste* chomh maith, ar choinníoll go gcabhraíonn bearta den sórt sin chun na fo-iarmhairtí diúltacha a bhaineann le haistriú i dtreo geilleagar *iomaíoch* atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus ciorclach a mhaolú, agus go rannchuidíonn siad leis.

---

<sup>13</sup> Mar a leagtar amach in “A Clean Planet for all A European strategic long-term vision for a prosperous, modern,

---

<sup>13</sup> Mar a leagtar amach in “A Clean Planet for all A European strategic long-term vision for a prosperous, modern,



competitive and climate neutral economy”  
[Pláinéad Glan do Chách Fís straitéiseach  
fhadtéarmach Eorpach chun geilleagar  
rachmasach, nua-aimseartha, iomaíoch  
agus neodrach ó thaobh na haeráide de a  
bhaint amach], Teachtaireacht ón  
gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa,  
chuig an gComhairle Eorpach, chuig an  
gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch  
agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na  
Réigiún, agus chuig an mBanc Eorpach  
Infheistíochta - COM(2018) 773 final.

## Leasú 14

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 11

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(11) Chun na saoránaigh is leochailí ó  
thaobh an aistrithe aeráide de a chosaint, ba  
cheart go gcumhdódh CUAC uas-sciliú  
agus athsciliú na n-oibríthe a n-imrítear  
tionchar orthu freisin, agus é mar aidhm  
leis cabhrú leo iad féin a chur in oiriúint do  
dheiseanna nua fostaíochta, chomh maith  
le cúnaimh chun post a chuardach a  
sholáthair do chuardaitheoirí poist **agus iad  
a chuimsiú go gníomhach sa** mhargadh  
saothair.

competitive and climate neutral economy”  
[Pláinéad Glan do Chách Fís straitéiseach  
fhadtéarmach Eorpach chun geilleagar  
rachmasach, nua-aimseartha, iomaíoch  
agus neodrach ó thaobh na haeráide de a  
bhaint amach], Teachtaireacht ón  
gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa,  
chuig an gComhairle Eorpach, chuig an  
gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch  
agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na  
Réigiún, agus chuig an mBanc Eorpach  
Infheistíochta - COM(2018) 773 final.

*Leasú*

(11) Chun na saoránaigh is leochailí ó  
thaobh an aistrithe aeráide de a chosaint, ba  
cheart go gcumhdódh CUAC uas-sciliú  
agus athsciliú na n-oibríthe a n-imrítear  
tionchar orthu freisin, agus é mar aidhm  
leis cabhrú leo, **trí na cáilíochtaí is gá a  
chur ar fáil dóibh**, iad féin a chur in  
oiriúint do dheiseanna nua fostaíochta  
chomh maith le cúnaimh chun post a  
chuardach a sholáthair do chuardaitheoirí  
poist. **Ba cheart aird chuí a thabhairt ar  
scileanna agus cáilíochtaí atá i gcomhréir  
leis an aistriú i dtreo na neodrachta  
aeráide. Ba cheart aird tosaíochta a  
thabhairt ar athoiliúint a sholáthar i  
gcomhréir le riachtanais an** mhargaidh  
saothair **réigiúnaigh, go háirithe ar  
athoiliúint ar an láthair oibre nó meascán  
d’obair pháirtaimseartha agus athoiliúint  
pháirtaimseartha. Leis an aistriú chuig  
córas fuinnimh glan bunaithe ar fhoinsí  
inathnuaite fuinnimh agus ar  
éifeachtúlacht fuinnimh, tá  
acmhainneacht mhór ann poist a chruthú  
i gcríocha a bhíonn ag brath ar bhreoslaí  
iontaise. Ba cheart aird chuí a thabhairt  
ar an ngné inscne de ghníomhaíochtaí atá  
dírithe ar oibríthe agus ar chuardaitheoirí**

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 12**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(12) Chun feabhas a chur ar éagsúlú eacnamaíoch na gríoch a n-imríonn an t-aistriú tionchar orthu, ba cheart do CUAC tacaíocht a thabhairt don infheistiú táirgiúil i FBManna. Ba cheart infheistíocht tháirgiúil a thuiscint mar infheistíocht i gcaipiteal seasta nó sócmhainní neamhábhartha fiontar, i bhfianaise earraí agus seirbhísí a tháirgeadh, rud a chuirfidh, dá bhrí sin, leis an oll-infheistíocht agus le fostaíocht. I gcás fiontair eile nach FBManna iad, níor cheart tacú le hinfeistíochtaí táirgiúla ***ach amháin*** má tá siad ***riachtanach*** chun cailteanais post a bhíonn ann mar thoradh ar an aistriú ***a mhaolú***, trí líon suntasach post a chruthú nó a chosaint, agus nach mbeidh athlonnú ann mar thoradh orthu ná dá mbarr. Ba cheart infheistíochtaí i saoráidí tionsclaíocha atá ann cheana, lena n-áirítear iad sin a chumhdaítear faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh, a cheadú má rannchuidíonn siad leis an aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050 agus má théann siad ***cuid mhaith*** faoi bhun na dtagarmharcanna ábhartha a bhunaítear don leithdháileadh saor in aisce faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>14</sup> agus má dhéantar líon suntasach post a chosaint mar thoradh orthu. Ba cheart réasúnú a thabhairt le haon infheistíocht den sórt sin dá réir sa phlean críochach um aistriú cóir ábhartha. Chun sláine an mhargaidh inmheánaigh agus an bheartais chomhtháthaithe a chosaint, ba cheart don tacaíocht do ghnóthais rialacha an Aontais maidir le státchabhair mar a leagtar amach

*Leasú*

(12) Chun feabhas a chur ar éagsúlú ***agus nuachóiriú*** eacnamaíoch na gríoch a n-imríonn an t-aistriú ***fuinnimh*** tionchar orthu, ba cheart do CUAC tacaíocht a thabhairt don infheistiú táirgiúil i FBManna. Ba cheart infheistíocht tháirgiúil a thuiscint mar infheistíocht i gcaipiteal seasta nó sócmhainní neamhábhartha fiontar, i bhfianaise earraí agus seirbhísí a tháirgeadh, rud a chuirfidh, dá bhrí sin, leis an oll-infheistíocht agus le fostaíocht ***inbhuanaithe agus ar ardcháilíocht***. I gcás fiontair eile nach FBManna iad, ba cheart tacú le hinfeistíochtaí táirgiúla ***má chuireann siad leis an aistriú chuig foinsí fuinnimh ghlain nó iad a chur chun feidhme nó éascú a dhéanamh ar mhaolú*** cailteanas post a leanann as an aistriú, trí líon suntasach post a chruthú nó a chosaint, agus nach mbeidh athlonnú ann mar thoradh orthu ná dá mbarr. Ba cheart infheistíochtaí i saoráidí tionsclaíocha atá ann cheana, lena n-áirítear iad sin a chumhdaítear faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh, a cheadú má rannchuidíonn siad leis an aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050 agus má théann siad cuid mhaith faoi bhun na dtagarmharcanna ábhartha a bhunaítear don leithdháileadh saor in aisce faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>14</sup> agus má dhéantar líon suntasach post a chosaint mar thoradh orthu. Ba cheart réasúnú a thabhairt le haon infheistíocht den sórt sin dá réir sa phlean críochach um aistriú cóir ábhartha. ***Níor cheart infheistíochtaí i saoráidí tionsclaíocha a chumhdaítear faoi Córas***

in Airteagal 107 agus in Airteagal 108 CFAE a chomhlíonadh agus, go háirithe, ba cheart tacaíocht d'infheistíochtaí táirgiúla de chuid fiontar nach FBManna iad a bheith teoranta d'fhiontair atá lonnaithe i limistéir atá ainmnithe mar limistéir fhóirithinte chun críocha phointí (a) agus (c) d'Airteagal 107(3) CFAE.

***Trádála Astaíochtaí an Aontais a dhírú sa chaoi go rannchuideofar leis na brabúis a ghintear cheana féin trí thrádáil lamháltais astaíochtaí a mhéadú.*** Chun sláine an mhargaidh inmheánaigh agus an bheartais chomhtháthaithe a chosaint, ba cheart don tacaíocht do ghnóthais rialacha an Aontais maidir le státchabhair mar a leagtar amach in Airteagal 107 agus in Airteagal 108 CFAE a chomhlíonadh agus, go háirithe, ba cheart tacaíocht d'infheistíochtaí táirgiúla de chuid fiontar nach FBManna iad a bheith teoranta d'fhiontair atá lonnaithe i limistéir atá ainmnithe mar limistéir fhóirithinte chun críocha phointí (a) agus (c) d'Airteagal 107(3) CFAE.

---

<sup>14</sup> Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

---

<sup>14</sup> Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

## **Leasú 16**

### **Togra le haghaidh rialacháin Aithris 12 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(12 a) Chun cuspóirí CUAC a bhaint amach, ba cheart don Choimisiún breithniú ar athruithe a dhéanamh ar na Treoirlínte um Chosaint an Chomhshaoil agus um Chúnamh Fuinnimh, “Treoirlínte EEAG”, atá riachtanach chun infheistíochtaí príobháideacha a éascú agus CUAC a chur chun feidhme go rathúil. Tá gá le creat láidir státchabhrach láidir chun nach mbeadh saobhadh míchuí sa mhargadh inmheánach mar thoradh ar aon chúnamh don dícharbónú. Ní mór don***

*athbhreithniú ar EEAG a bheith ag gabháil leis an gComhaontú Glas, go háirithe trí aird a thabhairt ar fhorbairtí rialála nua agus le déanaí, dul chun cinn agus deiseanna teicneolaíochta chomh maith le forbairtí sa mhargadh in earnáil an fhuinnimh. Leis an athbhreithniú atá beartaithe ar EEAG, ba cheart go bhféadfaí tacaíocht náisiúnta a thabhairt d'athruithe struchtúracha mar gheall ar chéimniú amach an ghuail de réir na coinníollachta céanna atá ag CUAC. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar na treoirlínte, ba cheart, dá bhrí sin, aird chuí a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann le hathrú struchtúrach sna réigiúin lena mbaineann, chun a áirithiú go dtabharfar dóthain solúbthachta do na réigiúin sin chun a dtionscadail a chur i gcrích ar bhealach atá inmharthana go sóisialta agus go heacnamaíoch.*

Leasú 17

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 12 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(12 b) Níor cheart tacaíocht d'infheistíocht tháirgiúil i bhfontair nach FBManna iad trí CUAC a theorannú do na limistéir atá incháilithe do státchabhair faoi na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair de bhun Airteagal 107(3) (a) agus(c) CFAE. Os a choinne sin, leis na rialacha maidir leis an státchabhair, ba cheart go mbeadh gach réigiún a fhaigheann cúnamh trí CUAC in ann aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an mbagairt go gcaillfí poist ag céim luath. Ba cheart an méid sin a áirithiú freisin trí Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún<sup>1a</sup> a oiriúnú dá réir sin.*

*1<sup>a</sup> Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).*

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 12 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(12 c) Ba cheart an deis a thabhairt do na réimsí is mó a ndéanann an t-aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh aeráide de difear dóibh aghaidh a thabhairt go gníomhach ar an athrú struchtúrach lena mbaineann a luaithe is féidir. Éilítear leis sin coigeartuithe ar an dlí maidir le Státchabhair, mar shampla trí bhíthin treoirlíne nua ón gCoimisiún ar bhonn Airteagal 107 (3) (b) nó (c) CFAE, ionas go n-áirithítear go bhfuil cabhair incheadaithe faoi na rialacha is infheidhme gan beann ar stádas na réigiún a fhaigheann cúnamh.*

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 12 d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(12 d) Ba cheart gach infheistíocht a bheith i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh agus leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as. Chun a áirithiú nach n-úsáidfear CUAC chun íoc as na costais chun damáiste don chomhshaol a athchóiriú, ar damáistí iad a thagann faoi dhliteanas comhshaoil gnóthais agus*

*nach ndéanfar dreasachtaí chun truailliú agus tionchair chomhshaoil eile a laghdú a shaobhadh, níor cheart tacaíocht a thabhairt d'infheistíocht a bhaineann le láithreacha a athghiniúint agus a dhí-éilliú, le héiceachórais a athchóiriú agus le tionscadail athrú cuspóra, ach amháin i gcás nach féidir aon ghnóthas a chur faoi dhliteanas dlíthiúil chun na gníomhaíochtaí sin a mhaoiniú, i gcomhréir leis an bprionsabal 'gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as' mar a chumhdaítear in Airteagal 191 CFAE;*

## Leasú 20

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 13

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(13) Chun solúbthacht a sholáthar le haghaidh clársceidealú acmhainní CUAC faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post, ba cheart go mbeadh sé indéanta clár neamhspleách CUAC a ullmhú nó acmhainní CUAC a chlársceidealú i dtosaíocht thiomnaithe amháin nó níos mó laistigh de chlár a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) nó ón gCiste Comhtháthaithe. ***I gcomhréir le hAirteagal 21a de Rialachán (AE) [CFR nua], ba cheart acmhainní CUAC a threisiú le maoiniú comhlántach ó CFRE agus ó CSE+. Ba cheart do na méideanna faoi seach a aistrítear ó CFRE agus ó CSE+ a bheith ag teacht leis na cineálacha oibríochtaí a leagtar amach sna pleananna críochacha um aistriú cóir.***

*Leasú*

(13) Chun solúbthacht a sholáthar le haghaidh clársceidealú acmhainní CUAC faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post, ba cheart go mbeadh sé indéanta clár neamhspleách CUAC a ullmhú nó acmhainní CUAC a chlársceidealú i dtosaíocht thiomnaithe amháin nó níos mó laistigh de chlár a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) nó ón gCiste Comhtháthaithe ***le hacmhainní breise. Ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh*** acmhainní CUAC a threisiú le cistiú comhlántach ó CFRE agus ó CSE+, ***ar cheart acmhainní breise a thabhairt dóibh chun na críche sin.*** Ba cheart do na méideanna faoi seach a aistrítear ó CFRE agus ó CSE+ a bheith ag teacht leis na cineálacha oibríochtaí a leagtar amach sna pleananna críochacha um aistriú cóir.

## Leasú 21

## Togra le haghaidh rialacháin Aithris 14

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(14) Ba cheart cur chun feidhme éifeachtach ar phróiseas aistrithe i gcríoch sonrath chun geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach a bheith ina choinníoll le haghaidh tacaíocht CUAC. Ar an ábhar sin, ba cheart do na Ballstáit pleannanna críochacha um aistriú cóir a ullmhú, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha **agus le tacaíocht ón gCoimisiún**, ina mbeidh mionsonraí an phróisis aistrithe, ag teacht lena bPleannanna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún Ardán um Aistriú Cóir a chur ar bun, a thógfadh ar an ardán atá ann cheana féin le haghaidh na réigiún guail atá i mbun aistrithe le gur féidir malartuithe taithí déthaobhacha agus iltaobhacha a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh agus ar na dea-chleachtais, thar gach earnáil a ndéantar difear di.

Leasú 22

## Togra le haghaidh rialacháin Aithris 15

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(15) Sna pleannanna críochacha um aistriú cóir, ba cheart na críocha ina mbeidh an tionchar is diúltaí a shainathint,

*Leasú*

(14) Ba cheart cur chun feidhme éifeachtach ar phróiseas aistrithe **chóir** i gcríoch sonrath chun geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach a bheith ina choinníoll le haghaidh tacaíocht CUAC. Ar an ábhar sin, ba cheart do na Ballstáit, **le tacú ón gCoimisiún**, pleannanna críochacha um aistriú cóir a ullmhú, i gcomhar le **húdaráis** ábhartha **réigiúnacha agus áitiúla na gcríoch lena mbaineann (ar a laghad ar leibhéal 2 agus 3 NUTS), le hionadaithe an tionscail agus na gceardchumann, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le aon geallsealbhóirí ábhartha eile**, ina mbeidh mionsonraí an phróisis aistrithe, ag teacht lena bPleannanna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide, **agus lena n-áiritheofar faisnéis faoina chur chun feidhme, faoina fhaireacháin agus faoina mheastóireachta**. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún Ardán um Aistriú Cóir a chur ar bun, a thógfadh ar **thaithí agus ar rath an** ardáin atá ann cheana le haghaidh na réigiún guail atá i mbun aistriú le gur féidir malartuithe taithí déthaobhacha agus iltaobhacha a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh agus ar na dea-chleachtais, thar gach earnáil a ndéantar difear di.

*Leasú*

(15) Sna pleannanna críochacha um aistriú cóir, **tar éis dul i gcomhairle leis na gníomhaithe lena mbaineann**, ba cheart

críocha is ceart tacaíocht CUAC a dhíriú orthu agus tuairisc a thabhairt ar ghníomhaíochtaí sonracha atá le déanamh chun geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach, go háirithe i ndáil le saoráidí ina bhfuil táirgeadh breoslaí iontaise nó gníomhaíochtaí eile atá dian ar gháis cheaptha teasa ar siúl a thiontú nó a dhúnadh. Ba cheart do na críocha sin a bheith sainmhínithe go beacht agus ag freagairt do réigiúin NUTS leibhéal 3 nó a bheith ina gcodanna díobh. Ba cheart mionsonraí a bheith sna pleananna ar dhúshláin agus riachtanais na gcríoch sin agus na cineálacha oibríochtaí atá de dhíth a shainaithint ar dhóigh a áiritheoidh go ndéanfaí gníomhaíochtaí eacnamaíocha a fhorbairt ar bhonn comhleanúnach atá ag teacht leis an aistriú chuig neodracht ó thaobh na haeráide de **agus** cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais freisin. Níor cheart ach d'infheistíochtaí atá i gcomhréir leis na pleananna um aistriú tacaíocht airgeadais a fháil ó CUAC. Ba cheart do na pleananna críochacha um aistriú cóir a bheith mar chuid de na cláir (a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe nó ó CUAC, de réir an cháis) atá formheasta ag an gCoimisiún.

na críocha ina mbeidh an tionchar is diúltaí a shainaithint, arb iad na críocha ar cheart tacaíocht CUAC a dhíriú orthu, agus tuairisc a thabhairt ar ghníomhaíochtaí sonracha atá le déanamh chun ***spríocanna fuinnimh agus aeráide 2030 an Aontais agus*** geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach, go háirithe i ndáil le saoráidí ina bhfuil táirgeadh breoslaí iontaise ***soladacha*** nó gníomhaíochtaí eile atá dian ar gháis cheaptha teasa ar siúl a thiontú nó a dhúnadh, ***fad is a chaomhnófar agus a fhorbrófar deiseanna nua fostaíochta chun eisiámh sóisialta a sheachaint sna críocha a ndéantar difear dóibh.*** Ba cheart do na críocha sin a bheith sainmhínithe go beacht agus a bheith ag freagairt do réigiúin NUTS leibhéal 3 nó a bheith ina gcodanna díobh. Ba cheart mionsonraí a bheith sna pleananna ar dhúshláin agus riachtanais na gcríoch sin, ***lena n-áirítear rátaí dífhostaíochta, treochtaí dídhaonraithe, agus ath-thiontú luath nó iarrachtaí aistrithe,*** agus na cineálacha oibríochtaí atá de dhíth a shainaithint ar dhóigh a áiritheoidh go ndéanfaí gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá aeráid-athléimneach a fhorbairt ar bhonn comhleanúnach atá ag teacht le ***spríocanna fuinnimh agus aeráide 2030 an Aontais agus*** leis ***an*** aistriú chuig neodracht ó thaobh na haeráide de, le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais, ***i gcás inar féidir sineirgí le scéimeanna agus cláir chistiúcháin ábhartha eile Aontais agus náisiúnta, mar aon le tosaíochtaí polaitiúla eile de chuid an Aontais.*** Níor cheart ach d'infheistíochtaí atá i gcomhréir leis na pleananna um aistriú tacaíocht airgeadais a fháil ó CUAC. Ba cheart do na pleananna críochacha um aistriú cóir a bheith mar chuid de na cláir (a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe nó ó CUAC, de réir an cháis) atá formheasta ag an gCoimisiún.



**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 19**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(19) Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon tacaíocht a thabhairt do chríocha a bhfuil **athrú** eacnamaíoch agus sóisialta **ó bhonn** rompu chun aistriú go geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide, a ghnóthú go leordhóthanach ina n-aonar. Is iad na príomhchúiseanna leis sin ná, ar thaobh amháin, méid na n-éagothromaíochtaí idir leibhéal forbartha na réigiún éagsúil agus chúlchuireacht na réigiún is mídheisiúla, chomh maith leis an teorainn le hacmhainní airgeadais na mBallstát agus na gcríoch agus, ar an taobh eile, an gá le creat cur chun feidhme comhsheasmhach lena gcumhdaítear roinnt cistí de chuid an Aontais atá faoi bhainistíocht chomhroinnte. Ós rud é gur fearr is féidir na cuspóirí sin a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

*Leasú*

(19) Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon tacaíocht a thabhairt do chríocha a bhfuil **dúshláin thábhachtacha** eacnamaíocha, **fuinnimh** agus shóisialta rompu chun aistriú go geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de, a ghnóthú go leordhóthanach ina n-aonar. Is iad na príomhchúiseanna leis sin ná, ar thaobh amháin, méid na n-éagothromaíochtaí idir leibhéal forbartha na réigiún éagsúil agus chúlchuireacht na réigiún is mídheisiúla, chomh maith leis an teorainn le hacmhainní airgeadais na mBallstát agus na gcríoch agus, ar an taobh eile, an gá le creat cur chun feidhme comhsheasmhach lena gcumhdaítear roinnt cistí de chuid an Aontais atá faoi bhainistíocht chomhroinnte. **Ba cheart comhleanúnachas le beartais eile a áirithiú, go háirithe le beartais tionsclaíoch agus rialacha soláthair phoiblí, d'fhonn machaire comhréidh a áirithiú chun a chur ar chumas tionscail de chuid an Aontais, lena n-áirítear FMBanna, earraí agus seirbhísí inbhuanaithe a tháirgeadh i gcomhréir leis an gComhaontú Glas agus chun poist a sholáthar.** Ós rud é gur fearr is féidir na cuspóirí sin a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Bunaítear leis an Rialachán seo an Ciste um Aistriú Cóir (“CUAC”) chun tacaíocht a chur ar fáil do chríocha a bhfuil dúshláin shocheacnamaíocha thromchúiseacha acu a thagann ón bpróiseas aistrithe i dtreo geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de san Aontas faoi 2050.

*Leasú*

1. Bunaítear leis an Rialachán seo an Ciste um Aistriú Cóir (“CUAC”) chun tacaíocht a chur ar fáil do chríocha a bhfuil dúshláin thromchúiseacha shocheacnamaíocha, **fuinnimh agus chomhshaoil** rompu a thagann ó **shainiúlachtaí na mBallstát ina** bpróiseas aistrithe **fuinnimh** i dtreo **spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 an Aontais, agus** geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de san Aontas faoi 2050 **a bhaint amach, eadhon na réigiúin sin atá ag tabhairt aghaidh ar athruithe structúracha tábhachtacha, de dheasca an spleáchais mhóir atá acu faoi láthair nó a bhí acu le déanaí ar bhreoslaí iontaise soladacha, amhail gual, lignít, móin agus scealla ola, nó ar ghníomhaíochtaí tionsclaíochta atá dian ar gháis cheaptha teasa.**

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

I gcomhréir leis an dara fomhír d’Airteagal [4(1)] de Rialachán (AE) [RFC nua], rannchuideoidh CUAC leis an gcuspóir sonrath aonair maidir le **“réigiúin agus daoine a chumasú chun aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta eacnamaíocha agus chomhshaoil an aistrithe chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de”**.

*Leasú*

I gcomhréir leis an dara fomhír d’Airteagal [4(1)] de Rialachán (AE) [RFC nua], rannchuideoidh CUAC leis an gcuspóir sonrath aonair maidir le aistriú **fuinnimh lena ngabhfaidh dlúpháirtíocht, agus a bheidh éifeachtach agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de** chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de, agus lena **gcuirfear forbairt na bpleananna críochacha um aistriú cóir san áireamh, chun iontaofacht d’oibríthe, don earnáil fuinnimh, do thionscal, d’infheisteoirí agus do phobail a úirithiú, mar aon le réigiúin, oibreoirí eacnamaíocha agus**

*daoine a chumasú chun deiseanna cothroma agus comhionanna a bheith acu chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta, eacnamaíocha, slándála fuinnimh, bochtaineachta fuinnimh agus chomhshaoil an aistrithe.*

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Beidh gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CUAC i gcomhréir le Comhaontú Pháras, le spriocanna an Aontais d'fhuinneamh agus d'aeráid le haghaidh 2030 agus 2050, agus le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh. Go háirithe, tacóidh CUAC le hiarrachtaí chun go mbainfí amach go hiomlán an acmhainneacht shuntasach poist a chruthú den aistriú sin sna réigiúin a ndéanfar difear dóibh.*

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 3 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Tacóidh CUAC le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post sna Ballstáit uile.

1. Tacóidh CUAC le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis sna Ballstáit uile, *a bhfuil an cuspóir geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach faoi 2050 foirmhuinithe acu agus a léiríonn a dtiomantas ina bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide, go háirithe sna réigiúin sin ina bhfuil, de dheasca a thábhachtaí atá dúshláin an aistrithe fuinnimh, an gá is mó le cúnamh airgeadais ón Aontais. I gcomhréir le hIarscríbhinn I den Rialacháin sin, beidh*

*acmhainní CUAC á leithdháileadh go príomha ar réigiúin ghuail, mar a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis na Téarmaí Tagartha don Ardán um Réigiúin ar Mór a Lorg Guail agus Carbóin (Réigiún Ghuail san Ardán um Aistriú), chun dul i ngleic le tionchair shóisialta, eacnamaíocha, slándála fuinnimh agus chomhshaoil atá ag a n-aistriú fuinnimh.*

## Leasú 28

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 3 – mír 2 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**EUR 7.5 billiún i bpraghsanna 2018 a** d'fhéadfaí méadú teacht orthu, a bheidh ar fáil sa ghealltanas buiséadach don tréimhse 2021-2027 sna hacmhainní do CUAC faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post, agus méadófar é, de réir mar a bheidh, le hacmhainní breise a leithdháilfear i mbuiséad an Aontais, agus le hacmhainní eile i gcomhréir leis an mbunghníomh is infheidhme.

*Leasú*

Is é **ar a laghad EUR 44 073 459 000** i bpraghsanna **reatha** a bheidh sna hacmhainní do CUAC faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis a bheidh ar fáil le haghaidh gealltanas buiséadach do thréimhse 2021-2027, **agus ní aistreofar é ó na leithdháiltí le haghaidh cistí arna gcumhdach le Rialachán (AE) [RFC nua], go háirithe ó chistí amhail Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE+) nó an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)**. Féadfar an **tsuim sin** a mhéadú, de réir mar a bheidh, trí acmhainní breise a leithdháileadh i mbuiséad an Aontais, agus trí acmhainní eile i gcomhréir leis an mbunghníomh is infheidhme.

## Leasú 29

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 3 – mír 2 – fomhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Chun críocha an chlársceidealaithe agus**

*Leasú*

**scriosta**

*an chuimsithe ina dhiaidh sin i mbuiséad an Aontais, beidh an méid dá dtagraítear sa chéad fhomhír innéacsaithe ag 2 % in aghaidh na bliana.*

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 3 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**4. De mhaolú ar Airteagal [21a] de Rialachán (AE) [RFC nua], aon acmhainní breise dá dtagraítear i mír 2, a leithdháilfear do CUAC i mbuiséad an Aontais nó a soláthraítear trí acmhainní eile, ní bheidh ceanglas ann ina leith tacaíocht chomhlántach a thabhairt ó CFRE ná ó CSE+.**

*scriosta*

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 4 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Ní thabharfaidh CUAC tacaíocht ach do ghníomhaíochtaí atá nasctha go díreach lena chuspóir sonracha faoi mar a leagtar amach in Airteagal 2, agus gníomhaíochtaí a chuireann le cur chun feidhme *na* bpleananna críochacha um aistriú cóir arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 7.

1. Ní thabharfaidh CUAC tacaíocht ach do ghníomhaíochtaí atá nasctha go díreach lena chuspóir sonracha faoi mar a leagtar amach in Airteagal 2, agus gníomhaíochtaí a chuireann le cur chun feidhme *inbhuanaithe* na bpleananna críochacha um aistriú cóir arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 7.

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

I gcomhréir le mír 1, tabharfaidh CUAC

I gcomhréir le mír 1, tabharfaidh CUAC

tacaíocht *eisiach* do na gníomhaíochtaí seo a leanas:

### Leasú 33

#### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 2 – fómhír 1 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) infheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, a mbeidh éagsúlú eacnamaíoch agus ath-thiontú mar thoradh orthu;

### Leasú 34

#### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 2 – fómhír 1 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) infheistíochtaí i ngnólachtaí nua a chruthú, lena n-áirítear *trí ghorlanna* gnó agus seirbhísí comhairliúcháin;

### Leasú 35

#### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 2 – fómhír 1 – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta agus chun aistriú

tacaíocht do na gníomhaíochtaí seo a leanas:

*Leasú*

(a) infheistíochtaí táirgiúla **agus inbhuanaithe** i FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, **comharchumainn, pobail fuinnimh saoránach agus eagraíochtaí treasearnála mar aon le fiontair réigiúnacha agus áitiúla faoi úinéireacht phoiblí**, a mbeidh éagsúlú eacnamaíoch agus ath-thiontú mar thoradh orthu **mar aon le rannchuidiú le cruthú post nua ar ardchaighdeán;**

*Leasú*

(b) infheistíochtaí i ngnólachtaí nua a chruthú, **go háirithe FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta a mbeidh éagsúlú eacnamaíoch agus rannchuidiú le cruthú post nua mar thoradh orthu agus** lena n-áirítear seirbhísí comhairliúcháin gnó ábhartha **a sholáthar;**

*Leasú*

(c) infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta **inbhuanaithe,**

teicneolaíochtaí nua a chothú;

*lena n-áirítear taighde fuinnimh, rud lena gcuimsítear é sin atá forbartha ag ionaid taighde agus ollscoileanna, agus aistriú teicneolaíochtaí nua a chothú;*

## Leasú 36

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí **agus** bonneagar **le haghaidh** fuinneamh glan inacmhainne, le hastaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú, agus don éifeachtúlacht fuinnimh agus don **fhuinneamh in-athnuaite** a úsáid;

*Leasú*

(d) infheistíochtaí in úsáid teicneolaíochtaí, bonneagair **agus seirbhís le haghaidh** córas fuinnimh atá glan, inacmhainne, **slán, inbhuanaithe, sábháilte agus solúbtha**, in astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú, in éifeachtúlacht fuinnimh agus i **réitigh stórála**;

## Leasú 37

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(d a) infheistíochtaí i sócmhainní, bonneagar agus teicneolaíochtaí an fhuinnimh inathnuaite, lena n-áirítear réitigh stórála, tacaíocht d'fhéinghiniúint, mar aon le forbairt agus tiontú chuig fuinneamh inathnuaite na gcóras teasa agus fuaraithe;**

## Leasú 38

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(d b) infheistíochtaí in athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh, i gcomhréir leis an tionscnamh an Rabhartha**

*Athchóirithe ón gCoimisiún, lena n-áirítear uas-sciliú agus athsciliú oibríthe sa réimse sin;*

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(d c) infheistíochtaí i naisc leictreachais trasteorann, d'fhonn an sprioc idirnáisc leictreachais 15% a bhaint amach faoi 2030;*

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(d d) infheistíochtaí i téamh éifeachtúil ceantair mar a shainmhínítear i bpointe (41) d'Airteagal 2 de Threoir 2012/27/AE;*

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d e (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(d e) infheistíochtaí in úsáid na dteicneolaíochtaí agus an bhonneagair le haghaidh soghluaisteacht inacmhainne, ghlan agus chliste, lena n-áirítear bonneagar luchtaithe d'fheithiclí leictreacha agus soghluaisteacht uirbeach ilmhódach inbhuanaithe, ag éascú forbairt eacnamaíoch agus cruthú post, ag rannchuidiú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa in iompar a laghdú agus le*



*héagsúlú na réiteach soghluaisteachta, lena n-áirítear infheistíochtaí i mbreosláí malartacha iompar a chuireann dlús leis an aistriú i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha;*

Leasú 42

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d f (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(d f) infheistíochtaí chun bochtaineacht fuinnimh agus truailliú aeir a chomhrac, go háirithe trí réitigh indibhidiúla teasa atá bunaithe ar ghual a ionadú mar aon le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú sna réigiúin is mó a ndéantar difear dóibh;*

Leasú 43

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1 – pointe e**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(e) infheistíochtaí i ndigitiú agus i nascacht dhigiteach;

(e) infheistíochtaí i ndigitiú agus i nascacht dhigiteach, *lena n-áirítear infheistíochtaí i líonraí fíor-ardacmhainnechta agus i dteicneolaíocht 5G, i réitigh fuinnimh cliste agus i mbonneagar agus teicneolaíochtaí lena mbaineann, mar aon le infheistíochtaí as a n-eascraíonn an t-aistriú i dtreo geilleagar ciorclach agus neodracht aeráide, lena n-áirítear teicneolaíochtaí digiteacha agus sonraí a úsáid i dtionscail feirmeoireachta, foraoiseachta agus bia;*

Leasú 44

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1 – pointe f**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(f) infheistíochtaí in athghiniúint agus i **ndí-éilliú** láithreán, in athchóiriú talún agus i dtionscadail athrú cuspóra;

*Leasú*

(f) infheistíochtaí in athghiniúint, **athbheochan chomhshaoil, inrochtaineacht iompair agus athnuachan iarghualmhianach agus iarghléasraí gualchumhachtaithe, agus** láithreáin **agus saoráidí athfhorbraíochta**, athchóiriú talún agus tionscadail athrú cuspóra, **lena n-áirítear infheistíochtaí bonneagair ghlais i gceantair iarmhianadóireachta mar aon le hathchoilltiú na láithreán iarghualmhianach;**

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1 – pointe g**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(g) infheistíochtaí i bhfeabhsú an gheilleagair chiorclaigh, lena n-áirítear trí dhramhaíl a chosc, laghdú, éifeachtúlacht acmhainní, deisiú, athúsáid agus athchúrsáil;

*Leasú*

(g) infheistíochtaí i bhfeabhsú an gheilleagair chiorclaigh, lena n-áirítear trí dhramhaíl a chosc, laghdú, éifeachtúlacht acmhainní, athúsáid, deisiú agus athchúrsáil **agus trí bhíthin modh aisghabhála eile, lena n-áirítear aisghabháil fuinnimh;**

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1 – pointe g a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(g a) infheistíochtaí sa gheilleagar lucht liathghrúaige, i nuálaíochtaí sóisialta agus i mbonneagar is gá chun tacú le rochtain ar an margadh saothair, ar chuimsiú sóisialta agus ar aosú gníomhach agus sláintiúil;**

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1 – pointe h**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(h) uas-sciliú agus athsciliú oibrithe;

*Leasú*

(h) uas-sciliú agus athsciliú oibrithe, daoine ***féin féin***fhostaithe agus cuardaitheoirí poist, go háirithe i dtreo scileanna agus cáilíochtaí atá ábhartha do chur chun feidhme straitéisí forbartha réigiúnacha mar aon leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe, digiteach agus glas;

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1 – pointe i**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(i) cúnamh i gcuardach poist do chuardaitheoirí poist;

*Leasú*

(i) cúnamh i gcuardach poist do chuardaitheoirí poist ***agus tacaíocht d'oibrithe a chaill a bpost mar thoradh ar an aistriú;***

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1 – pointe j**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(j) cuimsiú gníomhach na gcuardaitheoirí poist;

*Leasú*

(j) cuimsiú gníomhach na gcuardaitheoirí poist, ***le béim ar leith ar mhná agus ar ghrúpaí leochaileacha;***

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1 – pointe k a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(k a) gan dochar d’Airteagal 5, aon ghníomhaíochtaí sonracha eile a rannchuidíonn le cuspóir sonracha aonair CUAC, atá san áireamh sna pleananna críochacha um aistriú cóir agus atá comhaontaithe idir Ballstát, údaráis ábhartha na geríoch lena mbaineann agus atá formheasta ag an gCoimisiún.**

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1 – pointe k b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(k b) ní thacóidh CUAC ach amháin le hinfheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair nach FBManna iad, nach bhfuil an t-aistriú post, capitil agus próiseas táirgthe ó Bhallstát amháin go ceann eile i gceist leo.**

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Ina theannta sin, féadfaidh CUAC tacú le hinfheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair nach FBManna iad, **i limistéir atá ainmnithe mar limistéir fóirithinte i gcomhréir le pointí (a) agus (c) d’Airteagal 107(3) CFAE**, ar choinníoll go bhfuil na hinfheistíochtaí sin **formheasta mar chuid** den phlean críochach um aistriú cóir **bunaithe ar an bhfaisnéis atá riachtanach faoi phointe (h) d’Airteagal 7(2)**. Ní bheidh na hinfheistíochtaí sin incháilithe ach amháin má tá **gá leo chun an phlean críochach** um aistriú cóir **a chur chun**

**Ina theannta sin, féadfaidh CUAC tacú le hinfheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair nach FBManna iad, sna limistéir ábhartha**, ar choinníoll go bhfuil na hinfheistíochtaí sin curtha **san áireamh sa phlean críochach** um aistriú cóir. Ní bheidh na hinfheistíochtaí sin incháilithe ach amháin má **rannchuidíonn siad leis an aistriú chuig gilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus nach mbeidh athlonnú ann mar thoradh orthu amhail dá dtagraítear in Airteagal 60 de Rialacháin Uimh. .../..., [RFC], agus do**

*feidhme.*

*ghníomhaíochtaí tionsclaíochta atá cumhdaithe ag Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (ETS) ar choinníoll nach rannchuidíonn siad le méadú an bhrabúis díorthaithe ó lamháltais astaíochtaí a thrádáil.*

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 5 – mír 1 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) gnóthais atá i gcrúachás faoi mar a shainmhínítear in Airteagal 2 (18) de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún<sup>16</sup>;

---

<sup>16</sup> Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 5 – mír 1 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) infheistíocht a bhaineann le táirgeadh, próiseáil, dáileadh, stóráil nó dóchán na mbreoslaí iontaise;

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 5 – mír 1 a (nua)**

*Leasú*

(c) gnóthais atá i gcrúachás faoi mar a shainmhínítear in Airteagal 2(18) de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún<sup>16</sup>, ***ach amháin gnóthais a ndéanann an t-aistriú fuinnimh go neodracht aeráide difear dóibh;***

---

<sup>16</sup> Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

*Leasú*

(d) infheistíocht a bhaineann le táirgeadh, próiseáil, ***iompar***, dáileadh, stóráil nó dóchán na mbreoslaí iontaise;

**De mhaolú ar phointe (d) de mhír 1, féadfaidh an Coimisiún plean críochach um aistriú cóir a fhorghnó, ar plean é lena cuimsítear infheistíochtaí a bhaineann le táirgeadh, próiseáil, dáileadh, stóráil, tarchur nó úsáid gás nádúrtha ar choinníoll go n-úsáidtear é mar theicneolaíocht idirlinne, agus faoi na himthosca a bhfuil údar cuí leo seo a leanas:**

**(a) go bhfuil infheistíochtaí ag tarlú i gcríocha a bhfuil orthu aghaidh a thabhairt ar dhushláin fuinnimh atá fíorthromchúiseach, de bharr a spleáchais mhóir ar bhreoslaí iontaise soladacha, amháin na réigiúin a bhfuil sciar ard dá gcórais téimh ceantair bunaithe ar bhreoslaí iontaise soladacha;**

**(b) go rannchuidíonn na hinfheistíochtaí sin le cuspóirí comhshaoil an Aontais maidir le maolú agus oiriúnú ar an athrú aeráide, trí dhlús a chur le céimniú amach iomlán de ghual, lignít, móin, agus sceall ola;**

**(c) go bhfuil siad comhsheasmhach le cuspóirí agus reachtaíocht an Aontais maidir le fuinneamh agus aeráid, agus leis na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide, agus go bhfuil siad de chineál idirthréimhseach;**

**(d) go bhfuil measúnú roimh ré déanta ar úsáid foinsí fuinnimh atá inathnuaite amháin;**

**(e) go soláthraíonn ionadú breoslaí iontaise atá an-dian ar charbóin agus soladacha atá bunaithe ar bhonneagar fuinnimh laghdaithe suntasacha ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa agus go ndéanann sé éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú;**

**(f) go rannchuidíonn na gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh le bochtaineacht fuinnimh a laghdú;**

*(g) nach gcuireann na gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh bac ar fhorbairt na bhfoinsí fuinnimh inathnuaite sna críocha lena mbaineann agus go bhfuil siad comhoiriúnach agus i sineirge le húsáid thodhchaíoch an fhuinnimh inathnuaite.*

## Leasú 56

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ní dhéanfaidh an Coimisiún clár a fhorhmeas ach i gcás ina bhfuil réasúnú cuí le sainathint na gcríoch is mó atá faoi thionchar diúltach ag próiseas an aistrithe, atá sa phlean críochach um an aistriú cóir ábhartha, agus go bhfuil an plean críochach um aistriú cóir ag teacht leis an bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide sa Bhallstát lena mbaineann.

*Leasú*

Ní dhéanfaidh an Coimisiún clár a fhorhmeas ach i gcás ina bhfuil réasúnú cuí le sainathint na gcríoch is mó atá faoi thionchar diúltach ag próiseas an aistrithe, atá sa phlean críochach um an aistriú cóir ábhartha, agus go bhfuil an plean críochach um aistriú cóir ag teacht leis an bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide sa Bhallstát lena mbaineann. ***I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún a fhorhmeas a choinneáil siar, tabharfaidh sé údar réasúnta leis an gcinneadh.***

## Leasú 57

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 6 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Is éard a bheidh i dtosaíocht nó i dtosaíochtaí CUAC cuid nó iomlán acmhainní CUAC a leithdháiltear do na Ballstáit agus na hacmhainní a aistrítear i gcomhréir le hAirteagal [21a] de Rialachán (AE) [RFC nua]. ***Beidh*** iomlán acmhainní CFRE agus CSE+ a aistrítear chuig tosaíocht CUAC ***cothrom ar a laghad le hoiread go leith de mhéid na tacaíochta ó CUAC chuig an tosaíocht sin*** ach ní rachaidh sé thar trí oiread den mhéid *sin*.

*Leasú*

2. Is éard a bheidh i dtosaíocht nó i dtosaíochtaí CUAC cuid nó iomlán acmhainní CUAC a leithdháiltear do na Ballstáit agus, ***ar bhonn deonach***, na hacmhainní a aistrítear i gcomhréir le hAirteagal [21a] de Rialachán (AE) [RFC nua]. Ní rachaidh iomlán acmhainní CFRE agus CSE+ ***a chineann an Ballstát a aistriú*** chuig tosaíocht CUAC thar trí oiread de mhéid ***na tacaíochta a fhaightear ó CUAC.***

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 6 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2 a. Féadfaidh tionscadail incháilithe arna maoiniú faoi CUAC a rannchuidíonn leis an gcuspóir sonracha leagtar amach in Airteagal 2 tairbhe a bhaint as suas le 75 % de chostais ábhartha.**

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 7 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. In éineacht le húdaráis ábhartha **na** gcríoch is infheidhme, ullmhóidh na Ballstáit plean críochach um aistriú cóir amháin nó níos mó a chumhdaíonn críoch amháin nó níos mó a ndéanann sé difear dóibh, críoch a chomhfhreagraíonn do leibhéal 3 d'aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (“réigiúin NUTS leibhéal 3”) a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 arna leasú ag Rialachán (CE) Uimh. 868/2014<sup>17</sup> ón gCoimisiún nó codanna díobh, i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Beidh na críocha sin ar na cinn is mó a bheidh faoi thionchar diúltach bunaithe ar na torthaí eacnamaíocha agus sóisialta de dheasca an aistrithe, go háirithe **maidir le** cailteanas post a d'fhéadfadh bheith ann **i** dtáirgeadh agus úsáid breoslaí iontaise agus na riachtanais maidir le hathrú ó bhonn ar phróisis táirgthe na saoráidí tionsclaíocha sin a bhfuil an déine gás ceaptha teasa is airde acu.

1. In éineacht le húdaráis ábhartha **réigiúnacha agus áitiúla uile** na gcríoch lena mbaineann (**ar a laghad ar leibhéal 2 agus 3 NUTS**), ullmhóidh na Ballstáit plean críochach um aistriú cóir amháin nó níos mó a chumhdaíonn críoch amháin nó níos mó a ndéanann sé difear dóibh, críoch a chomhfhreagraíonn do leibhéal 3 d'aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (“réigiúin NUTS leibhéal 3”) a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle arna leasú ag Rialachán (CE) Uimh. 868/2014 ón gCoimisiún<sup>17</sup> nó codanna díobh, i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Beidh na críocha sin ar na cinn is mó a bheidh faoi thionchar diúltach bunaithe ar na torthaí eacnamaíocha agus sóisialta, **comhshaoil, agus slándála fuinnimh** de dheasca an aistrithe, go háirithe **maidir le** cailteanas post agus **líon na bpost a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh i** dtáirgeadh agus úsáid breoslaí iontaise **soladacha** agus



na riachtanais maidir le hathrú ó bhonn ar phróisis táirgthe na saoráidí tionsclaíocha sin a bhfuil an déine gás ceaptha teasa is airde acu. *Níor dhéanfaidh treoir infheistíochta arna sainithint ag an gCoimisiún in Iarscríbhinn D a ghabhann le Tuarascálacha Tíre 2020 teorainn a chur leis na Ballstáit ó thaobh limistéir agus tosaíochtaí a mholadh do thacaíocht CUAC. Beidh na húdaráis agus na geallsealbhóirí ábhartha rannpháirteach go gníomhach i ngach céim den phróiseas: ullmhúchán, roghnú agus cur chun feidhme.*

---

<sup>17</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann aonad críche le haghaidh staidrimh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

---

<sup>17</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann aonad críche le haghaidh staidrimh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

## Leasú 60

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 2 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) tuairisc ar an bpróiseas aistrithe i dtreo geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear amlíne le haghaidh céimeanna aistrithe tábhachtacha atá comhsheasmhach leis an leagan is déanaí den Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (“NECP”);

## Leasú 61

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 2 – pointe b

*Leasú*

(a) tuairisc ar an bpróiseas aistrithe ar an leibhéal náisiúnta **agus réigiúnach** i dtreo **spríocanna aeráide 2030 AE agus** geilleagar **AE** atá neodrach ó thaobh an aeráid de a bhaint amach **faoi 2050**, lena n-áirítear **gníomhaíochtaí an aistrithe atá tógtha cheana féin agus** amlíne le haghaidh na céad céimeanna aistrithe eile atá comhsheasmhach leis an leagan is déanaí den Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (“NECP”);

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) réasúnú le críocha a shainathint a bheith faoin tionchar is diúltaí **de dheasca** an phróisis aistrithe dá dtagraítear i bpointe (a) agus atá le tacaíocht a fháil ó CUAC, i gcomhréir le mír 1;

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 7 – mír 2 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) measúnú ar dhúshláin an aistrithe atá ann do na críocha is mó a bheidh faoi **thionchar** diúltach, lena n-áirítear tionchar sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil an aistrithe i dtreo geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de, ina sainathnítear líon na bpost a ndéanfar difear dóibh agus na gcaillteanas post a d'fhéadfadh bheith ann, na riachtanais agus na cuspóirí forbartha atá le baint amach faoi 2030, nasctha le hathrú ó bhonn nó le dúnadh na ngníomhaíochtaí a bhfuil lorg mór astaíochtaí gás ceaptha teasa ag baint leo sna críocha sin;

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 7 – mír 2 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) tuairisc ar rannchuidiú measta na tacaíochta CUAC maidir le dul i ngleic le tionchair shóisialta, eacnamaíoch **agus**

*Leasú*

(b) réasúnú ar mhaithe le críocha is mó atá faoi thionchar diúltach a shainathint **ina bhfuil tacaíocht bhreise ag teastáil chun** an próiséas aistrithe **a bhaint amach**, dá dtagraítear i bpointe (a) agus le tacaíocht ó CUAC, i gcomhréir le mír 1;

*Leasú*

(c) measúnú ar dhúshláin an aistrithe atá ann do na críocha is mó a bheidh faoi thionchar diúltach, lena n-áirítear tionchar sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil **agus slándála fuinnimh** an aistrithe i dtreo geilleagar **ar leibhéal Aontais** atá neodrach ó thaobh na haeráide de **faoi 2050**, ina sainathnítear líon na **n-oibríthe**, post agus caillteanas post a ndéanfar difear dóibh, **an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ar ioncaim an rialtais ar leibhéal NUTS 2 agus NUTS 3, líon na bhfiontar a gcuirtear isteach orthu**, agus na riachtanais agus na cuspóirí forbartha atá le baint amach faoi 2030, nasctha le hathrú ó bhonn nó le dúnadh na ngníomhaíochtaí a bhfuil lorg mór astaíochtaí gás ceaptha teasa ag baint leo sna críocha sin;

*Leasú*

(d) tuairisc ar rannchuidiú measta na tacaíochta CUAC chun dul i ngleic le tionchair shóisialta, eacnamaíoch,

chomhshaoil an aistrithe i dtreo geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de;

chomhshaoil **agus slándála fuinnimh** an aistrithe i dtreo geilleagar **AE** atá neodrach ó thaobh na haeráide de **faoi 2050 agus doimhniú na bochtaineachta fuinnimh a chosc;**

## Leasú 64

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 2 – pointe e

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) measúnú ar a chomhsheasmhacht le straitéisí agus pleananna náisiúnta, réigiúnacha nó críochacha eile;

*Leasú*

(e) measúnú ar a chomhsheasmhacht le straitéisí agus pleananna **ábharthana** náisiúnta, réigiúnacha nó críochacha eile;

## Leasú 65

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 2 – pointe f

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(f) tuairisc ar shásraí rialachais ina bhfuil socruithe comhpháirtíochta, na bearta faireacháin agus meastóireachta atá pleanáilte agus na comhlachtaí freagracha;

*Leasú*

(f) tuairisc ar shásraí rialachais ina bhfuil socruithe comhpháirtíochta, na bearta faireacháin agus meastóireachta atá pleanáilte agus na comhlachtaí freagracha **ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, lena n-áirítear an fhéidearthacht meastóireacht a bheith á déanamh ag comhlachtaí agus institiúidí neamhrialtasacha;**

## Leasú 66

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 2 – pointe f a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(f a) tuairisc ar an bpróiseas rannpháirteach déanta dá fhorbairt;**

## Leasú 67

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 2 – pointe g

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(g) tuairisc ar na cineálacha oibríochtaí atá beartaithe agus an rannchuidiú a bhfuiltear ag súil leis uathu chun **tionchar** an aistrithe a laghdú;

*Leasú*

(g) tuairisc ar chineálacha **agus amlíne** na n-oibríochtaí atá beartaithe agus an rannchuidiú a bhfuiltear ag dréim leis uathu chun tionchair **shóisialta, eacnamaíocha, slándála fuinnimh agus chomhshaoil** an aistrithe **chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de** a laghdú;

## Leasú 68

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 2 – pointe h

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(h) i gcás ina gcuirtear tacaíocht ar fáil d'infheistíochtaí táirgiúla d'fhiontair nach FBManna iad, liosta **uileghabhálach** na n-oibríochtaí agus na bhfiontar den sórt sin agus réasúnú ar an ngá atá le tacaíocht den sórt sin **trí anailís ar bhearnaí ina léirítear go rachadh na cailteanais post a d'fhéadadh a bheith ann thar líon na bpost a chruthófaí in éagmais na hinfheistíochta sin;**

*Leasú*

(h) i gcás ina gcuirtear tacaíocht ar fáil d'infheistíochtaí táirgiúla **agus inbhuanaithe** d'fhiontair nach FBManna iad, liosta d'oibríochtaí agus d'fhiontar den sórt sin agus réasúnú ar an ngá atá le tacaíocht den sórt sin;

## Leasú 69

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 2 – pointe i

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(i) i gcás ina gcuirtear tacaíocht ar fáil d'infheistíochtaí chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa ó ghníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir 2003/87/CE, liosta **uileghabhálach**

*Leasú*

(i) i gcás ina gcuirtear tacaíocht ar fáil d'infheistíochtaí chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa ó ghníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir 2003/87/CE, liosta d'oibríochtaí a

de na hoibríochtaí a bhfuiltear chun tacú leo agus réasúnú go gcuirfeadh siad leis an aistriú i dtreo geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus go mbeadh laghdú *suntasach* ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a rachadh i bhfad faoi na tagarmharcanna ábhartha a bhunaítear don saor-leithdháileadh faoi Threoir 2003/87/CE mar thoradh orthu agus ar choinníoll go bhfuil gá leo chun líon suntasach post a chosaint;

## Leasú 70

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 2 – pointe j

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(j) sineirgí agus comhlántacht le cláir eile an Aontais agus le colúin an tSásra um Aistriú Cóir chun dul i ngleic le riachtanais forbartha shainaitheanta.

## Leasú 71

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 2 – pointe j a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

## Leasú 72

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 3

bhfuiltear chun tacú leo agus réasúnú go gcuirfeadh siad leis an aistriú i dtreo geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus go mbeadh laghdú suntasach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a rachadh i bhfad faoi na tagarmharcanna ábhartha a bhunaítear don saor-leithdháileadh faoi Threoir 2003/87/CE mar thoradh orthu agus ar choinníoll go bhfuil gá leo chun líon suntasach post a chosaint;

*Leasú*

(j) sineirgí agus comhlántacht le cláir *ábhartha* eile an Aontais, le *cistí* agus le colúin an tSásra um Aistriú Cóir chun dul i ngleic le riachtanais forbartha shainaitheanta.

*Leasú*

*(j a) i gcás ina gcuirtear tacaíocht ar fáil do ghníomhaíochtaí tionsclaíocha atá cumhdaithe cheana féin ag ETS, tuairisc a léiríonn nach rannchuidíonn tacaíocht den sórt sin le méadú an bhrabúis a thagann cheana féin ó lamháiltais astaíochtaí a thrádáil.*

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Beidh na páirtithe ábhartha i gcomhréir le hAirteagal [6] den Rialachán (AE) [RFC nua] rannpháirteach in ullmhúchán agus cur chun feidhme na bpleananna críochacha um aistriú cóir.

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Beidh na pleananna críochacha um aistriú cóir comhsheasmhach leis na straitéisí críochacha dá dtagraítear in Airteagal [23] de Rialachán (AE) [RFC nua], **le straitéisí ábhartha um speisialtóireacht chliste**, leis na NECPanna agus le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta.

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3. Beidh na páirtithe ábhartha i gcomhréir le hAirteagal [6] den Rialachán (AE) [RFC nua] rannpháirteach in ullmhúchán agus cur chun feidhme na bpleananna críochacha um aistriú cóir **mar aon le hionadaithe an tionscail, na hearnála fuinnimh, na gcomhpháirtithe sóisialta agus aon gheallsealbhóirí ábhartha eile.**

*Leasú*

Beidh na pleananna críochacha um aistriú cóir comhsheasmhach leis na straitéisí críochacha dá dtagraítear in Airteagal [23] de Rialachán (AE) [RFC nua], le NECPanna **agus leis an Straitéis Fhadtéarmach 2050, le Comhaontú Pháras** agus le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, **agus, a mhéid is féidir, le straitéisí um speisialtóireacht chliste agus le straitéisí agus cláir ábhartha eile, lena n-áirítear aer glan, cruach ghlan, bochtaineacht fuinnimh agus táirgeoirí is tomhaltóirí fuinnimh.**

**Beidh na pleananna críochacha um aistriú cóir agus na cinntí maidir le roghnú na dtionscadal agus na n-oibríochtaí inrochtana go poiblí. Beidh ullmhúchán agus forbairt na bpleananna**

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 8 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. I gcás ina dtacaíonn CUAC leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (h), (i) nó (j) d'Airteagal 4(2), ní dhéanfar sonraí na dtáscairí a tharchur ach amháin má bhíonn na sonraí uile a bhaineann leis an rannpháirtí sin, a cheanglaítear i gcomhréir le hIarscríbhinn III, ar fáil.

*Leasú*

3. I gcás ina dtacaíonn CUAC leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (h), (i) nó (j) d'Airteagal 4(2), ní dhéanfar sonraí faoi tháscairí na rannpháirtithe a tharchur ach amháin má bhíonn na sonraí uile a bhaineann leis an rannpháirtí sin, a cheanglaítear i gcomhréir le hIarscríbhinn III, ar fáil ***agus dianrialacha cosaint sonraí á n-áirithiú ag an am céanna.***

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 9 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, bunaithe ar thuarascáil deiridh ar fheidhmíocht an chláir, nár baineadh amach ar a laghad [65 %] den sprioc a leagtar síos maidir le ceann amháin nó níos mó de tháscairí aschuir nó toraidh d'acmhainní CUAC, féadfaidh sé ceartúcháin airgeadais a dhéanamh de bhun Airteagal [98] den Rialachán (AE) [RFC nua] trí thacaíocht ó CUAC don tosaíocht sin a laghdú i gcoibhéis leis an méid atá bainte amach.

*Leasú*

I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, bunaithe ar thuarascáil deiridh ar fheidhmíocht an chláir, nár baineadh amach ar a laghad [65 %] den sprioc a leagtar síos maidir le ceann amháin nó níos mó de tháscairí aschuir nó toraidh d'acmhainní CUAC, féadfaidh sé ceartúcháin airgeadais a dhéanamh de bhun Airteagal [98] den Rialachán (AE) [RFC nua] trí thacaíocht ó CUAC don tosaíocht sin a laghdú i gcoibhéis leis an méid atá bainte amach. ***Bainfidh ceartúcháin airgeadais le mainneachtain atá bainteach le hidirghabhálacha cláir agus ní le mainneachtain a eascraíonn as imthosca seachtracha.***

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Iarscríbhinn II – pointe 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Leagan amach an phróisis aistrithe agus sainaitheant na gcríoch ina mbeidh an tionchar is diúltaí laistigh den Bhallstát

*Leasú*

1. Leagan amach an phróisis aistrithe agus sainaitheant na gcríoch ina mbeidh an tionchar is diúltaí laistigh den Bhallstát, **lena n-áirítear an t-aistriú stairiúil**

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Iarscríbhinn II – pointe 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Measúnú ar na dúshláin i dtaca leis an aistriú, le haghaidh gach ceann de na **críocha** arna sainaitheant

*Leasú*

2. Measúnú ar na dúshláin **agus deiseanna** i dtaca leis an aistriú, le haghaidh gach ceann de na **críocha** arna sainaitheant

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Iarscríbhinn II – pointe 2 – pointe 2.1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2.1. Measúnú ar an tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bheidh ag an aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de

*Leasú*

2.1. Measúnú ar an tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bheidh ag an aistriú **stairiúil agus tuartha** chuig geilleagar agus atá neodrach ó thaobh na haeráide de

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Iarscríbhinn II – pointe 3 – pointe 3.1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**a. tuairisc ar chonas a théitear i mbun comhairliúcháin agus**



*rannpháirtíochta le hionadaithe an  
phobail agus le gníomhaithe an tsochaí  
sibhialta, roimh agus i ndiaidh na  
ndoiciméad clársceidealaithe a fhorbairt.*

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

<b>Teideal</b>	An Ciste um Aistriú Cóir a bhunú
<b>Tagairtí</b>	COM(2020)0022 – C9-0007/2020 – 2020/0006(COD)
<b>An Coiste Freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	REGI 29.1.2020
<b>Tuairim ó</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ITRE 29.1.2020
<b>Coistí comhlachaithe – dáta a fógraíodh sa suí iomlánach</b>	27.5.2020
<b>Rapóirtéir:</b> Dáta an cheapacháin	Jerzy Buzek 12.2.2020
<b>Pléite sa choiste</b>	19.5.2020
<b>Dáta an ghlactha</b>	29.6.2020
<b>Dáta na vótála críochnaithí</b>	+: -: 0:
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	François Alfonsi, Nicola Beer, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Michael Bloss, Paolo Borchia, Marc Botenga, Markus Buchheit, Klaus Buchner, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Carlo Calenda, Andrea Caroppo, Maria da Graça Carvalho, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Josianne Cutajar, Martina Dlabajová, Christian Ehler, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Claudia Gamon, Nicolás González Casares, Bart Groothuis, Christophe Grudler, András Gyürk, Henrike Hahn, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Romana Jerković, Seán Kelly, Izabela-Helena Kloc, Łukasz Kohut, Zdzisław Krasnodębski, Andrius Kubilius, Miapetra Kumpula-Natri, Thierry Mariani, Marisa Matias, Eva Maydell, Georg Mayer, Joëlle Mélin, Iskra Mihaylova, Dan Nica, Angelika Niebler, Ville Niinistö, Aldo Patriciello, Mauri Pekkarinen, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Markus Pieper, Clara Ponsatí Obiols, Sira Rego, Jérôme Rivièrre, Robert Roos, Jessica Stegrud, Beata Szydło, Riho Terras, Grzegorz Tobiszowski, Patrizia Toia, Evžen Tošenovský, Isabella Tovaglieri, Henna Virkkunen, Pernille Weiss, Carlos Zorrinho
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach</b>	Mohammed Chahim, Jakop G. Dalunde, Eleonora Evi, Martin Hojsík, Elena Kountoura, Nils Torvalds

**VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH  
TUAIRIM AIR**

	+
<b>EPP</b>	Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria Da Graça Carvalho, Christian Ehler, András Gyürk, Seán Kelly, Andrius Kubilius, Eva Maydell, Angelika Niebler, Aldo Patriciello, Markus Pieper, Henna Virkkunen, Pernille Weiss
<b>S&amp;D</b>	Carlo Calenda, Mohammed Chahim, Josianne Cutajar, Lina Gálvez Muñoz, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Romana Jerković, Łukasz Kohut, Miapetra Kumpula-Natri, Dan Nica, Tsvetelina Penkova, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho
<b>RENEW</b>	Nicola Beer, Martin Hojsík, Martina Dlabajová, Claudia Gamon, Bart Groothuis, Christophe Grudler, Iskra Mihaylova, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen, Nils Torvalds
<b>ECR</b>	Izabela-Helena Kloc, Zdzisław Krasnodębski, Beata Szydło, Grzegorz Tobiszowski, Evžen Tošenovský

	-
<b>ID</b>	Markus Buchheit, Georg Mayer
<b>Greens</b>	François Alfonsi, Michael Bloss, Klaus Buchner, Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Henrike Hahn, Ville Niinistö
<b>ECR</b>	Robert Roos, Jessica Stegrud
<b>GUE</b>	Marc Botenga, Elena Kountoura, Sira Rego
<b>NI</b>	Ignazio Corrao, Eleonora Evi, Clara Ponsatí Obiols

<b>EPP</b>	Riho Terras
<b>S&amp;D</b>	Niels Fuglsang
<b>ID</b>	Paolo Borchia, Andrea Caroppo, Thierry Mariani, Joëlle Mélin, Jérôme Rivière, Isabella Tovaglieri
<b>GUE</b>	Marisa Matias

Eochair:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh

